# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/425 ÓN gCOIMISIÚN

**an 14 Márta 2022**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 a mhéid a bhaineann leis na dátaí aistrithe le haghaidh úsáid córais áirithe aerárthaí gan foireann sa chatagóir "oscailte" agus an dáta cur i bhfeidhm le haghaidh cásanna caighdeánacha maidir le hoibríochtaí a dhéantar laistigh d'amharclíne súl nó lasmuigh di a chur ar athló**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 57 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 20 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún ([2]), na córais aerárthaigh gan foireann ("UAS") nach gcomhlíonann Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún ([3]) agus nár tógadh go príobháideach, ceadaítear leanúint dá n-úsáid sa chatagóir "oscailte" faoi dhálaí oibríochtúla teoranta áirithe, i gcás inar cuireadh ar an margadh iad roimh an 1 Eanáir 2023. De bhun Airteagal 22 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947, UASanna nach gcomhlíonann ceanglais Chodanna 1 go 5 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945, ní cheadaítear iad a úsáid sa chatagóir "oscailte" ach amháin faoi dhálaí oibríochtúla teoranta áirithe ar feadh tréimhse aistrithe dar deireadh an 1 Eanáir 2023.

(2) De bhun Airteagal 23(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947, ón 3 Nollaig 2023, ní fhéadfaidh na Ballstáit glacadh le dearbhuithe arna ndéanamh ag oibreoirí UAS i gcomhréir le hAirteagal 5(5) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin ach amháin le haghaidh oibríochta a chomhlíonann ceann amháin de dhá chás chaighdeánacha, laistigh d'amharclíne súl os cionn limistéar talún rialaithe i dtimpeallacht ina bhfuil daonra nó lasmuigh d'amharclíne súl os cionn limistéar talún rialaithe i dtimpeallacht ina bhfuil daonra tearc, rud a leagtar amach i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(3) Roinnt de na caighdeáin chomhchuibhithe a thugann aghaidh ar na ceanglais is infheidhme maidir le UASanna de ranganna C0 go C6 agus a bhfuil gá leo chun oibriú sa chatagóir "oscailte" nó sna cásanna caighdeánacha, chomh maith leis an tsainaithint dhíreach ó chian, ní bheidís ar fáil go dtí lár 2023. In éagmais na gcaighdeán comhchuibhithe sin, bheadh bac sa chleachtas ar mhonaróirí UASanna comhlíontacha a chur ar an margadh roimh dheireadh na tréimhse aistrithe dá bhforáiltear in Airteagal 22 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947.

(4) Dá bhrí sin, is gá síniú a chur leis na dátaí dá bhforáiltear le hAirteagail 20 agus 22 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 chun a áirithiú go mbeidh na caighdeáin chomhchuibhithe a thugann aghaidh ar na ceanglais is infheidhme maidir le UASanna de ranganna C0 go C06 ar fáil do tháirgeoirí agus d'oibreoirí UAS sula rachaidh na tréimhsí sin in éag. Is gá freisin dáta chur i bhfeidhm an dá chás chaighdeánacha a leagtar amach i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a chur siar chun a áirithiú go mbeidh na caighdeáin chomhchuibhithe sin ar fáil sula bhféadfaidh na Ballstáit glacadh le dearbhuithe le haghaidh oibríochtaí a chomhlíonann na cásanna caighdeánacha sin. Go dtí an uair sin, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann glacadh le dearbhuithe a dhéanfaidh oibreoirí UAS i gcomhréir le hAirteagal 5(5) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, ach iad a bheith bunaithe ar chásanna caighdeánacha náisiúnta nó a gcoibhéis.

---

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2019 maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh oibriú aerárthaí gan foireann (IO L 152, 11.6.2019, lch. 45).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 maidir le córais aerárthaí gan foireann agus maidir le hoibreoirí tríú tír de chórais aerárthaí gan foireann (IO L 152, 11.6.2019, lch. 1).

(5) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 mar a leanas:

(1) in Airteagal 20, cuirtear “1 Eanáir 2024” in ionad “1 Eanáir 2023”;

(2) In Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

“Gan dochar d’Airteagal 20, ceadófar ar feadh tréimhse aistrithe dar deireadh an 31 Nollaig 2023 úsáid UAS sa chatagóir ‘oscailte’, ar UAS é nach gcomhlíonann ceanglais Chodanna 1 go 5 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún (*), faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 maidir le córais aerárthaí gan foireann agus maidir le hoibreoirí tríú tír de chórais aerárthaí gan foireann (IO L 152, 11.6.2019, lch. 1).”;

(3) in Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, mhír 3 agus mhír 4:

“2. Beidh feidhm ag Airteagal 5(5) ón 1 Eanáir 2024.

3. Beidh feidhm ag pointí UAS.OPEN.060(2)(g) UAS.SPEC.050(1)(l)(i) den Iarscríbhinn ón 1 Iúil 2022 agus beidh feidhm ag pointe UAS.SPEC.050(1)(l)(ii) den Iarscríbhinn ón 1 Eanáir 2024.

4. Gan dochar d’Airteagal 21(1), go dtí an 31 Nollaig 2023, féadfaidh na Ballstáit glacadh le dearbhuithe arna ndéanamh ag oibreoirí UAS i gcomhréir le hAirteagal 5(5), bunaithe ar chásanna caighdeánacha náisiúnta nó a gcoibhéis, má chomhlíonann na cásanna náisiúnta sin ceanglais phointe UAS.SPEC.020 den Iarscríbhinn.

Scoirfidh dearbhuithe den sórt sin de bheith bailí ón 1 Eanáir 2026.”.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Márta 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN